Mapáil Tuile

Bileog Eolais

Fómhar 2014

An Chéim Mhapála Tuilte den Chlár Náisiúnta ‘MBPTA’

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an Clár Náisiúnta um Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile Abhantraí chun cinn mar fhreagra ar riachtanais pholasaí náisiúnta agus riachtanais Treoir ‘Tuilte’ an AE.

Clúdaíonn sé measúnú cuimsitheach priacal tuile dírithe ar 300 limistéar ina bhfuil priacal dóchúil suntasach tuile, agus pleananna inbhuanaithe fadtéarmacha a fhorbairt chun priacal tuile a laghdú agus a bhainistiú. Um breis eolais faoin Chlár MBPTA, féach le do thoil www.cfram.ie.

Tá trí gharsprioc suntasach sa Chlár Náisiúnta MBPTA:

- Réamh-Mheasúnú Priacal Tuile (Críochnaíodh 2011)
- Mapaí Tuile a Ullmhú (2013 - 2014)
- Pleananna um Bainistiú Priacal Tuile a Ullmhú (2015)

Mapáil Tuile sa Chlár ‘MBPTA’

Faoi láthair tá an Clár MBPTA ins na céimeanna deiridh maidir le mapáil tuile. Rinneadh suirbhé agus anailís leathan ar shruthanna abhann agus cruthaíodh samhaltáin ríomhaire chun a dhéanamh amach conas a tharlaíonn tuilte. Bunaithe ar an obair seo, cuireadh réimse mapaí tuile ar fáil.

Léiríonn na mapaí tuile guais tuile nó priacal tuile. Cuimsíonn na mapaí guais tuile fairsinge dhóchúil tuilte maidir le réimse tuilte ar leibhéil éagsúla déine nó dóchúlachta, agus an doimhneacht tuile a bheadh súil leis as na himeachtaí sin. Ar na dóchúlachtaí tuile áirítear tuilte a fhacthas go minic le déanaí, agus tuilte fíordhona nár fhacthas go dtí seo ach a fhéadfadh a tharla am éigin amach anseo. Léiríonn na mapaí tuile iarmhairtí dóchúla tuilte.

Mapáil Tuile

Bileog Eolais

Fómhar 2014

Cén fáth go bhfuil na Mapaí Tuile tábhachtach?

Céim fíor-riachtanach iad na mapaí tuile maidir le réiteach a léiriú um an priacal tuile a laghdú agus a bhainistiú, ach tá siad tábhachtach freisin ar chúiseanna eile:

- Beidh na mapaí tuile mar bhonn eolais ar phleanáil inbhuanaithe, mar chabhair le cinntiú go seachnófar feasta tógáil i limistéir atá faoi phriacal tuile
- Beidh na mapaí mar bhonn eolais ag na húdaráis éigeandála mar chabhair le freagairt éifeachtach a chinntiú chun díobháil a laghdú le linn tuilte
- Féadfaidh áitritheoirí agus gnóthais áitiúla a dhéanamh amach an bhfuil siad faoi phriacal tuile, agus má tá, go mbeidh ábalta ullmhú do thuilte. Tá comhairle phraiticiúil um ullmhú do thuilte ar fáil ag www.flooding.ie.

Bí páirteach linn

Ullmhaíodh na dréacht-mhapaí leis an teicneolaíocht is nua-aoisí agus cuimsíonn siad gach eolas atá ar fáil. Ach tharlódh go bhfuil eolas ag áitritheoirí áitiúla a fhéadfadh feabhas breise a chur orthu. Is mian leis an OPW deis a thabhairt do dhaoine trácht ar na mapaí tuile roimh a gcríochnú.

Ins na míonna atá romhainn, tionólfaidh na foirne Tionscadail MBPTA seisiúin chomhairliúcháin phoiblí i bpobail bhainteacha ar fud na tíre, mar is féidir leat na mapaí a fheiceáil agus a phlé le baill foirne. Fógrófar na hócáidí seo go háitiúil agus ar na suíomhanna gréasáin tionscadail is féidir a rochtain via www.cfram.ie. Beidh na dréacht-mhapaí ar fáil freisin ar na suíomhanna gréasáin. Ansin, le linn na tréimhse reachtúla chomhairliúcháin (a fhógrófar), beidh na mapaí ar taispeáint ins na príomhoifigí ag na húdaráis áitiúla agus beidh siad le feiceáil ar shuíomh gréasáin MBPTA.

Is féidir leat aighneacht fhoirmiúil ar na dréacht-mhapaí a dhéanamh ag na laethanta comhairliúcháin phoiblí, nó trí na suíomhanna gréasáin tionscadail. Tabharfaidh na foirne tionscadail agus OPW aird ar gach aighneacht a dhéanfar.

Cá bhfuil breis eolais ar fáil?

Féach **www.cfram.ie** um eolas faoin Chlár Náisiúnta MBPTA agus chun nasc leis an suíomh gréasáin ar leith maidir leis an Staidéar MBPTA i do réigiún féin. Um eolas faoi ghníomhaíochtaí agus oibriúcháin reatha eile an OPW maidir le tuilte, féach **www.opw.ie**.